


O'Leary, Peter
Misirt

PB
1399
054E34
1900z



From the Library

of

PÁDRAIG Ó BROIN

e i s i r t

an t-athair peadair ó laogaire



agus ó nualláin teoranta
ca cliaic uéal periste coréais




e i s i r t

an tathair peadar ó laosaire



brúin agus ó nualláin teoranta
baile áca cliaic béal féniste corcaig



PC
1399
O54 E34
19002

BRÚN AGUS Ó NUALLÁIN TEOR.,

DAILE ÁTA CLIAÍ, A DEIN AGUS

A CLÓDUAIL IN ÉIRINN.

CLÁR AN LEABHAIR

	Leathanac
I. Cúis Sáire ag Eisire	5
II. Eisire in Camhain	11
III. An Fírin Deag Sasta	18
IV. An Cairde Caite	22
V. An tAdac ina Fáca	27
VI. "Ladráis Fíor!"	35
VII. Corcán na Leicean	41
VIII. In Camhain Maca	47
IX. Dá Ardri	52
X. Díoltas na bFear mDeag	59
XI. Leigeas ar an nÓidáil	68
XII. Roḡa na Seor	72
XIII. Fáite dá nUimh	84
XIV. Sa Dáile Slán	90



CAIBIDIL A Í

CÚIS ŠÁIRE AS EISIRT

Tamall mór roimh aimsir Cúculainn agus m'éib agus Concubair rí Ulað, bí rí eile ar Ultaib agus feargas mac Léide ab ainm dó.

Dein an feargas san flead mór in Eamain Macea agus bí maite agus mór-uaisle Ulað cruinnite aige as caiteam na fleide.

Le linn na fleide sin a beit in Eamain Macea bí flead eile as rí eile san áit ar a dtugtaí tuata luera agus lupracán. Daoine an-deasa ab ea tuata luera agus lupracán. Ní raib na fíir ba mó ortu puinn tar leat-trois ar airde. Iubdán mac Abdán ab ainm don rí a bí ortu. Bí iubdán leat-orlae go maite níos airde ná don fear dá slua, agus bí sé cumta córac dá réir sin. Fear an-dathúil, an-rioga ab ea é. Bíodar go léir an-dathúil, an-dea-cumta, ac ní raib don breit as éinne acu ar an rí. Gruais cas dubh is ea bí ar an rí, agus gruais bred fionn a bí ar an uile fear eile dá raib sa tír sin.

Mar ba cuibe agus mar ba cóir do rí, bí cat-míli créana as iubdán os cionn a slóite móra lionmara. Bí seacht gcata móra o'fíir créana calma as iubdán. Agus bí a lán o'uaisle cróga, mileata, catbuaca ma dcaoisig airm sa mór-slua lionmar san iubdán. Bí don fear amáin ann, créan-fear an rí, agus níord féidir don fear o'fáil ar

tuata lucre agus lupracán a bí in don gáor do beit com láidir leis. Deinead sé gníomh nárú féidir d'aon fear eile a déanamh. Leasad sé feochadán le haon buille amháin dá éalídeamh! Leatad a súile ar na fear eile nuair a cídís an gníomh san. Glómar mac Glais mic Glomraide ab ainm don fear san. Uaireanta, nuair a bíod gleacaíocht ar siúl acu, tagad na fear eile ina timpeall as iarraid é leasad, ac ní leasdaí é go dtí go mbíod an dáréas ba treise acu éise.

Lion na huaisle go léir, agus na ríte féinne, agus na taoisig airm, agus na maite móra, istead sa rí-tead i bpochair an Ardorí lubdán. Suig an tArdorí ina cátaoir ríoga. Suig an ríogan, Débó, ar deis an Ardorí. Cuiread Eisirt, b'é sin ard-ollam lubdán, ar a lámh clé. Cuiread beag mac big, b'é sin tánaiste an Ardorí, ar aghaid an Ardorí amac, ar an tcaobh eall den rí-tead. Agus cuiread an tréan-fear, Glómar mac Glais mic Glomraide, ina suí in aice an dorais, i dtreo, dá ttagad námaid go dtí an doras nár baol go dtiocfaod sé tairis sin istead. Ansan cuiread an cuideacta go léir ina suí, mór-timpeall an rí-tí, do réir onóra agus teirdil agus uaisleacta. Ansan bainead na spiozóidí as na baraili leanna, agus táinig an luét priteálaim agus roinneadar ar an gcuideactain sin lionn breá blasta a bí i bpoat sna baraili agus a bí go borb agus go láidir agus go meisiciúil.

Bíodar go léir as ól ar fead tamail. Ansan tosnaig an deoc pónta san ar dul suas sa céann acu agus ba gearr go raib an uile

duine acu sùgac go mait agus fonn cainte ag teact air. Da gearr ná raib sa teaghlac ar fad ac aon geoin amháin cainte agus cur trí céile.

Ansan d'éirig an tArdrí, Iuddán, ina seasamh, cun caint a déanam leis an gcuideactain. Deir an scéal ná raib ar tuata luera agus lupracán cainteoir da milse, da gonta, da binne, da ceolmáire ná é. Bí an corn breac ina lámh aige. Bí a fíos ag an gcuideactain go raib rud éigin fóna le teact nuair a conaiceadar an corn breac i lámh an Ardri. D'éirig Deag mac Uig, cánaiste an Ardri, call ina coinne. B'é sin dualgas an cánaiste, ag onórú an Ardri. Ladair an tArdri agus seo mar doúirt sé :

"A maite agus a mhór-uaisle agus a ríte tuata luera agus lupracán, is mó rí uasal ardchumactac a conaiceadair-se in Éirinn riamh. Da mhór é a ngradam. Da mhór é a gcáil. Da mhór é a saibreas. Da líonmhar iad a slóite. Da láidir agus da calma iad a gcurai tréana cun cata agus cun cruacómraic. Da mait iad na ríte sin, agus na hardríte sin, cun Éire a cosnamh, cun smaect a cur i bfeidm, cun ór agus seoda uaisle a bronnadh ar luect filiocta agus ar luect ceoil agus ar luect ealaíon, agus da mait iad a gcurai tréana ag cabhrú leo i ngac dea-ghníomh agus i ngac deareact agus i ngac obair mhór, cumactac, tairdeac dá mbíodh beartaite acu. Ac fiafraim an méid seo d'ib, a maite agus a mhór-uaisle agus a ríogra míleata. An bfacadair riamh, ortu go léir, rí ab fearr ná mise?"

"DAR DO SOILSE, A ARDRI UASAIL, NÍ FÁCAMAR!" AR SIAD SO LÉIR D'AON GUT.

"AN BÁCABAIR RIAMH," AR SEISEAN, "TRÉAN-PEAR AB PEARR NÁ MO TRÉAN-PEAR?"

"NÍ FÁCAMAR!" AR SIAD.

"AN BÁCABAIR RIAMH," AR SEISEAN, "CURAD NÁ CAT-MÍLE AB PEARR NÁ ÉINNE DE NA CURAÍ AGUS DE NA CAT-MÍLÍ ATÁ SA TIG SEO ANOCT?"

"DAR AR MBRIATAR, NÍ FÁCAMAR!" AR SIAD.

"DAR MO BRIATAR, AGUS CUGAIM BRIATAR RÍ LEIS," AR SEISEAN, "NÁ FUIL AN CUMÁCT SAN LE FÁIL D'FÉADFAID DAOINE NÁ OLLMAITEAS A BREIT AS AN DTIG SEO ANOCT AR ÉIGIN, TRÍ PEABAS NA SCAT-MÍLÍ AGUS NA DTRÉAN-PEAR ATÁ AGAINN, TRÍ IOMAD AR SCURAI CALMA AGUS AR RÍCE FÉINNE MEAR-BORBA, MEAR-LÁIDRE, MÓR-GHNIOMACA!"

BÍ EISIRT, AN T-OLLAMH, INA SUÍ IN AICE AR ARDRI. NUAIR AIRIS SÉ AN ÉAINT MAITEAC SAN NÍOR FÉAD SÉ SAN SCAIRTEAD GÁIRE CUR AS. D'AIRIS AN CUIDEACTA SO LÉIR AN SCAIRTEAD GÁIRE SIN. STAD AN TARDRI AGUS É DÁ TACTAD LE FEIRIS.

"CAD FÉ NDÉARA DUIT AN GÁIRE SIN A DÉANAM, A RÍ OLLAMH?" ARSA AN RÍ.

"NÍOR FÉADAS SAN GÁIRE DÉANAMH, A ARDRI," ARSA EISIRT, "MAR IS EOL DOMSA AON CÚIGE AMÁIN IN ÉIRINN AGUS TÁ FÍR ANN AGUS DÁ DTAGAD PEAR ACU ANSO INA AONAR ANOCT BÉARFAD SÉ LEIS, AR ÉIGIN, DAOINE AGUS OLLMAITEAS UAITSE AGUS Ó NA SEACHT SCATA CRÓGA SO DE TUSTA LÚCRA AGUS LUPRACÁN ATÁ IO TIMPEALL ANSO ANOIS."

"SABTAR AN T-OLLAMH LÁITREAC," ARSA LUBDÁN, "SO NDÉANFAR DÍOLTAS AIR MAR GEALL AR AN

šcaint micúiosac, easonórac san atá déanta aise."

Rugad láitreach ar Eisirt agus ceanglad é.

"Is olc an obair i seo atá déanta agus ormsa anoct, a lubdán," arsa Eisirt, "agus is mór na hoile atá le teacht as do gníom. De barr na gabála so atá déanta agus ormsa anoct beid tusa féin bliain i láim in Eamain Mhaca agus ní tiocfáir as san roša do seot agus do maoiné págáil id diaid ann. De barr na gabála so atá déanta agus ormsa is ea titfid Cobtac Cas, mac rí Muman, agus Eocaid mac Néio, mac rí Laigean. Tiocfaid mo éion den olc ormsa féin, mar beid mé i dtig feargais mic léide, agus bead as snám sa éorn, mór-timpeall, agus is beas ná so mbáitfear ann mé. Ac tabair cairde trí lá agus trí oíce dom anois agus rašad so heamain Mhaca, so tig feargais mic léide, agus ansan mura dtušad cušatsa anso comarcá so-aithne a taispeánfaid duit sur labras fírinne nuair a dúras an caint úd, féadfaid sib dur roša cor a tabairt dom."

"Scaoiligi de," arsa an rí.

Scaoilead de láitreach.

D'éirig sé, agus d'ullmaig sé é féin éun gluaiste. Cuir sé uime, istig lena craiceann šeal, léine de šróil bred bog uasal. Cuir sé uime, lasmuis den léine sin, ionar, is é sin beist nó sórt casóige bige a luid id istead. Šo deas agus šo hoiriúnac, lena éadail. Cuir sé uime, lasmuis den ionar, brat nó clóca šo raib taitneam corcra ann agus ciuimais óir mór-timpeall leis, agus an dac agus an

déanam air ab fearr ab fétoir a fáil i dtír na
 b'fionn. Ansan cuir sé idir a croite agus
 talam a dá b'róis deasa, córaça, a bí déanta
 d'fínnroinne, agus ornáidí óir ortu. Ansan
 tóg sé ina lám a fleasc fíleata, sórt sláite
 a bí déanta d'fínnroinne, agus nuair a
 crotaí an tslat san deinead sí fuaim b'réa
 binn ceoil. Ansan gluais sé agus níorb' fáda
 an moill air dul go hEamain Mháca.

CAIBIDIL A II

EISIRT IN EAMAIN

Bí an fíleadóir ar siúl in Eamain. Bí maite agus mór-uaisle Ulladh bailithe i bpochair feargais mic léithe, díreach fé mar a bí maite agus mór-uaisle tuata luera agus lupracán bailithe i bpochair lubdán. Táinig Eisirt go doras an rí-tí. Crot sé a fleasc fíleata. D'airis an doirseoir an fuaim agus táinig sé amach. Leat a déal agus a dá súil ar an ndoirseoir nuair a cónaic sé an fírin beag gleoite, deas, fearúil, uasal, luaimneach, súil-aibí, agus é comh beag san go raib an fear glas, bearrta, a bí ar fáil na hEamna, as dul suas tar glúna air.

Rit an doirseoir isteach.

"Ó, a daoine!" ar seisean, "an fírin beag is deise agus is lú a cónaic éinne riam tá sé amuig as an ndoras!"

Preabadar go léir ina suí.

"An bfuil sé comh beag le hAod?" ar siad.

Athac ab ea Aod, agus bí sé an-léannta. D'é ollamh Ulladh é, agus bí sé comh beag san go mbeireadh na fíir ar a mbosa leo é.

"Ach!" arsa an doirseoir, "b'éiríodh Aod ar a dois leis é!"

Siúid amach iad go léir go bfeicís an fírin a bí comh beag san go mb'éiríodh Aod ar a dois leis é.

Bíodas ina timpeall amuig agus a súile ar leatao agus iad ag féadaint air. O'féac sé suas orthu mór-timpeall. Níorb fada gur cuir sé sraoí as.

"Féac," ar seisean, "a daoine móra, tá bur n-anál an-óireán. Táim nac mór múcta aghaib. Druidigí uaim amac agus ligigí cugam an fear beag úd tall. Fear beag is ea é aghaibse, ac b'fear an-mór é dá mbeao sé sa tír as a dtángas-sa."

Táinig doo agus tós sé eisirt suas ar a bois agus rug sé leis isteaic é agus cuir sé ina seasam ar an mbord é os comair fearghais. Suiġ an cuideacta go léir arís agus ní baol ná gur féadadur go maic ar an bfeair mbeag.

"Cé hé tusa, a fíir bíg?" arsa fearghas, "nó cáir seolaó cugainn tú?"

"Mise eisirt mac bíg mic buairógine," ar seisean, "ollam agus file agus éiseas tuata luera agus lupracán."

Bí eisirt ina seasam ar an mbord ar aghaio an ardrí amac agus iad ag féadaint sna súile ar a céile.

"An bfuil an cuio eile de muintir do tíre-se, a rí ollam, com beag leatsa?" arsa an tardrí.

"Tá cuio acu níos lú ná mé, a ardrí, agus tá cuio acu níos mó ná mé. Is mó agus is troime o'fear ná mise, go mór, an tardrí atá orainn. Nuair a seasóinn lena ais ní raġad baiteas mo cinn suas puinn tar cluais air," arsa eisirt.

"Ó!" arsa fearghas, "is iontaic an fear le méio agus le troime é! Ac 'is túisce

deoc ná scéal.' Tugtar deoc don ollamh," ar seisean, "agus tugtar suíocán dó. Ní féadfaid sé gan tuirse deit air tar éis na slí atá curtha de aige ag teacht anso óna bútaí féin."

D'sin í an obair ansan. Cá bfaigfí ártac a deo deas a dóctain d'Eisirt cun deoc a ól as? Bí ártac ag duine agus ártac ag duine eile, ac nuair a cuirte na hártai in aice Eisirt cíti go mbíodís ró-anspianca ar fad le méid. Fé deirdead cuir an banríon a lámh ina póca agus tarraing sí amac méaracán deas óir a bí aici.

"Ó!" arsa gac éinne, "sin é díreach é!"

Ansán tóg an banríon smut de ciste agus sócraí sí go deas é le sciam agus cuir sí laistiar d'Eisirt é cun go suífead sé air. Gearr sí smut eile den ciste agus cuir sí an méaracán ina seasamh air agus é lán d'fíon, agus cuir sí ar aghaid Eisirt amac é.

Níor suig Eisirt, agus ní lú ná tóg sé an méaracán. Ceap feargas gur scát nó faitíos a bí air.

"Suig, a rí ollamh," arsa feargas, "agus ól deoc. Is muid tuit cart a deit ort."

"Ní ólfaid-sa d'ur b'fíon," arsa Eisirt, "agus ní lú ná mar íosfaid d'ur mbia, agus ní lú aon taob acu ná mar a suífead ar d'ur geiste." Agus d'féac sé go dána agus go seasamhac idir an dá súil ar feargas.

Stad an cuireadta go léir. Dain an caint sin geit astu. Ní raib an fear eile sin deo a labarfaid ar an gcuma san le feargas mac léide. Ansán, nuair a cuireadar díob an

SEIT, IS ANLAÍO A SCAIRTEADAR GO LÉIR AR GÁIRÍ. SCAIRT FEARGAS AR GÁIRÍ LEO. O'PÉAC EISIRT ina timpeall orthu agus níor éir sé gáire ná cuir de gáire as. Ansan is ea cuadar go léir sna trití ar fad. Nuair a bí a ndóctam gáirí déanta acu, agus na deora ag teacht go bog óna súile le neart an tsuilt, stadadar.

"Dar fia, a fíir bíg," arsa feargas, "ac is fada nár seasaig ar m' aghaid amac fear com dána leat. Tá sé com maít agam tú glacad réir nó b'féidir nár éir ba lú ná a fonn a beaó ort comrac donfir o'fógairt orm. I b'fad uainn an t-olc, dá ndeintea san beaó an scéal go hollc agam is dóca. Ba suarac an taca an Calacols i scoinne do claióim-se, dá mbeaó sé agat."

Cuir san an cuideachta arís sna trití gáirí. Níor labair Eisirt focal.

"Ní olpáir ár bpíon," arsa feargas. "Ní dóig liom guró fearr rud a déanfaí leat ná tú éir isteaó anso im corn féin. Ansan beaó an píon ió timpeall, agus dá feabhas a cosnófa tú féin air, b'féidir go raigó streancán ió béal de agus go scaitfeá é ól."

Com luat agus o'airig an fear frítealamh an éaint sin níor deín sé ac breít ina dorn ar Eisirt agus é caiteamh isteaó sa corn. Cuir an fear boct cúpla sraot as nuair a tomaó é sa bpíon láidir, agus ansan érom sé ar snám mór-timpeall sa corn. Nuair a éonaic an cuideachta an méir sin ba dóig le duine go dtitfeadó an t-anam astu le neart gáirí agus suilt. Bí an píon an-láidir agus níorb fada gur mótaig Eisirt dá b'ástaí

puinn aimsire sa còrn é go mbeadh deireadh leis. Labhair sé. Comhluath agus d'airíodh ar caint é stad an uallfairte gáirí.

"A Ardrí agus a uaisle Ulladh," ar seisean, "is olc an máise againn é mise am báiteadh anso os comhair bhur súl agus sur mó scéalaíocht agus ealaí d'féadfaínn-se tabairt daoibh a déanfaid mórán cairde daoibh agus mórán suilt."

"Tógstar amac é! Tógstar amac é!" arsa gac éinne.

Tógadh amac as an gcorn láitreach é. Tirimíod é agus glanadh é. Nuair a bhí sé tirim glan cuireadh ar an mbord arís é, ina seasamh ar againn feargas amac.

"Ar miste leat a insint dom, a rí ollamh," arsa feargas, "cad é an cúis ná hólpá ár ndeoch agus ná híospá ár mbia?"

"D'féidir dá n-insinn sin duit go mbeadh fearg agat eugam. Ní hé mo tuairim sur faid ar saol éinne t'fearg-sa teacht suas leis, a Ardrí."

"Tugaim-se mo briaotar rí duit," arsa feargas, "nach baol duit mé, pé rud a déarfair liom."

"Tá san go maic," arsa Eisirt, "ac b'féidir go mbeadh an focal a déarfainn ró-dian, agus ná fulaingeadh Ardrí Ulladh é i láthair na n-uasal so go léir. Ní foláir don fírinne féin labhairt réid i láthair an rí."

"Ná bíod ceist ort, a rí ollamh," arsa feargas. "Tá mo briaotar rí agat, agus is treise briaotar an rí ná an rí féin. Innis an fírinne dom. Tá cúis éigin agat le diúltú dár

mbia agus dár ndeoc. Innis dom an cúis."

"Ó tá do briahtar rí agam am éosaínt ar t'fheirg 'neospad an cúis," arsa Eisirt. "Ní féidir liom éagóir o'fulang. Is olc í an éagóir pé ball ina ndeintear í. Ac nuair a d'eineann an rí éagóir tá barr agus bua ag an éagóir sin ar an uile sa gas oile. Is é gnó agus dualgas an rí éagóir a cosc. Is uasal an dá dualgas iad san. Nuair a d'eineann an rí éagóir cailleann sé ar an dá dualgas ríoga san in éineact. D'eineann sé dá olc in aon olc. Tá an dá olc san in aon olc agatsa á d'éanamh, a Ardrí. Tá éagóir agat á d'éanamh ar do reactaire. Is gnát go dtagann éagóir ó éagóir. Tá éagóir agatsa á d'éanamh ar do reactaire agus tá éagóir ag do reactaire á d'éanamh ortsa. Ní féidir domsa bur ndeoc a ól ná bur mbia a cáiteamh an fáir atá a leitéir sin ar siúl eadraig anso in Eamain Mháca. Dá mbeadh éinne eile ag d'éanamh na héagóra o'féadpáinn glaoch ar an rí cun an éagóir a cosc agus cun an ceart a cur i bfeidhm, ac nuair is é an rí féin is mó atá ciontae cá bfuil leigeas le fáil ar an olc?"

Stad sé agus o'féad sé ina timpeall, agus má féad ní baol go b'faca sé aon fonn gáirí ar éinne. Bí na daoine móra go léir agus a gcinn fútu acu agus gan duine acu gan iompáil lite ann. Bí agairb bán ar feargas féin. Ní raib aon coinne aige lena leitéir sin de caint ón b'fear mbeag. Ac bí a briahtar rí tabarta aige agus b'éigean dó an caint o'fulang. Dúirt sé leis féin ná raib aon rud ab fearr dó ná an ceann a baint den scéal agus an

féirinne a insint. Bí a fíor aise go raib sé féin ag déanamh na héagóra ar an reactaire, ac ní raib don coinne aise go raib an reactaire ag déanamh na héagóra air. Bí ionad agus alltaic air conas a fuair Eisirt amac an scéal. Labhair sé i gceann tamaill.

“Ambasa, a Eisirt,” ar seisean, “tá lagad tú ní leand tú! Ní foláir a domáil go bfuil an féirinne agat, pé cuma ina bfuairis an t-eolas. Tá an féirinne agat com fáda agus téann mo taob-sa den éagóir, agus is dóicíde liom an féirinne a beit agat com fáda agus téann an taob eile leis.”

“Tá an bua agat, a Ardri!” arsa Eisirt, “agus caitead-sa bur mbia feasta. Níl olc is measa ná éagóir ó rí, ac níl mait is fearr ón rí ná an éagóir a dein sé a domáil. Níl gníom is ríoga ná an éagóir a domáil. D’admaís-se an éagóir. Tá go mait; ac ná dein arís é.”

Ansan shuí Eisirt ar an gciste agus tóg sé an méaracán suas idir a dá lámh—bí mairín a dá lámh ann—agus d’ól sé deoc as. Da gearr go raib an cuideacta ag dul i ndánaic air agus go raib na ceisteanna ag teac go tiub cuige ón uile taob, i dtaob tuata luera agus lupracán, agus i dtaob na ndaoine a bí ann, agus i dtaob a nása agus a nolite agus a mbéasa agus gac ní eile a baim leo.

CAIBIDIL A III

AN FÍRÍN BEAG JASTA

Bí EISIRT AG FREAGAIRT NA SCÉISTEANNA COMHMAIT AGUS D'FÉAD SÉ TEACHT ORTU, AGUS IS É BÍ SO CRUINN INA ÉAINT AGUS SO CLISTE AGUS SO HAIBIÓ, I DTREO SO NÓUIRT FEARGAS, "IS UAFÁSAC AN OBAIR," AR SEISEAN, "CIAL AGUS TUISCINT AGUS EOLAS COMH MÓR A BEIT I RUO COMH BEAG LEIS!"

DA GEARR SUR TUIS AN CUIDEACHTA SO LÉIR, AS NA CEISTEANNA AGUS AS AN SCUMA INA DTUGADÓ EISIRT FREAGRA UAIÓ, SO MBÍOD A FÍOS AIGE CAD A BÍOD IN AIGNE AN TÉ CUIREADÓ AN CEIST.

BÍ A LÁN DEN CUIDEACHTAIN AGUS BÍ AN-DÚIL ACU A FÍOS A FÁIL CONAS A FUAIR EISIRT AMAIC AN ÉAGÓIR A BEIT AG FEARGAS Á DÉANAMH AR AN REACHTAIRE, AC NÍ LISFEADÓ EAGLA DÓIB CEIST DEN TSÓRT SAN A CUR AGUS FEARGAS FÉIN AG ÉISTEACHT LEO. NÍOR DHEIN EISIRT AC FÉACÁINT INA TIMPEALL ORTU AGUS SMUTA GÁIRE CUR AS.

"CAD TÁ AD CUR AG GÁIRÍ, A RÍ OLLAMH?" ARSA FEARGAS.

"CUID DE NA DAOINE MÓRA SO, A ARDÓRÍ," ARSA EISIRT, "ATÁ I GCÁS IDIR DÁ COMAIRLE. DA MAIT LEO RUO FÁIL, AC NÍ MAIT LEO É IARRAID. NUAIR A BÍONN DUINE AR AN SCUMA SAN IS FEARR SAN AON TSUIM A CUR ANN AC SCAOILEADÓ LEIS SO DTÍ SO SOCRÁI SÉ A AIGNE AR TAOB ÉIGIN.

“Ac tá aisce agam le hiarraíó ortsa, a Ardri,” ar seisean.

“Abair an aisce agus geobair í más féidir é,” arsa Feargas.

“Tá a leat fágta ceana agam,” arsa Eisirt. “Nár cóir gurb féidir an tarna leat a tabairt dom maid agus a tugad an céad leat?”

“Tá go maid,” arsa Feargas. “Abair i agus geobair í. Éinni a fuairis anso ó tangaís ní feicim cad tá cun tú cose ar é fáil arís. Ní dóca gurb amlaíó ba maid leat go scuirfí ag snám sa corn arís tú!”

“Tugais do briatar rí dom anoct ná luífead t’fearg orm,” arsa Eisirt.

“Tugas,” arsa Feargas. “Ní baol duit.”

“A cótrom san arís atá uaim,” arsa Eisirt, “ac ní dom féin é.”

“Cé dó?” arsa Feargas.

“Don reactaire úd, a Ardri,” arsa Eisirt.

“Aililiú!” arsa Feargas. “Nac gasta an firín tú! Ac bíod agat. Tá buaite agat. Ní baol duitse agus ní baol don reactaire. Ac abair leis, mar a dúrais liomsa, san an éagóir a déanam arís.”

“Is é mo tuairim, a Ardri,” arsa Eisirt, “nac beag leis de. Is é mo tuairim nac beag liú araon de mar éagóir. Is gnát go ndéineann an éagóir a díoltas féin, luat nó mall, ar an té déineann í. Níor táinig don díoltas oraidse ac mise a scéit oraid i láthair uaisle Ulaó anso.”

“Éirig as! Éirig as, a fir díg!” arsa

FEARGAS GO GARG. “ Bíodh an aisce a iarraís agus, ach ná carringh eugat a thuilleadh é mar scéal.”

Ní miste a rá ná go raibh ádas ar an reachtair, pé cúinne den tigh ina raibh sé, nuair airigh sé an caint sin. Táinig scanradh air nuair airigh sé an focal a dúirt EISIRT i dtosach i dtuath na héagóra. Ceap sé go raibh a port seinnte agus nár bhí fíos cao a bhí le himeacht air nuair a tiocfaidh feargas agus socrú cuntaisí leis. San am gcéanna bhí díomá a dóctair air nuair a thug sé ná raibh bláire de barr a cuid éagóra aige mar go raibh éagóir níos mó b’fheidir á déanamh air féin. Nuair airigh sé an caint deireannach ó EISIRT agus ó feargas bhí fíos aige nár baol dó na cuntaisí, agus bhí sé sásta ina aigne.

Thug EISIRT, um an dtaca san, go raibh sórt eagla agus teacht acu go léir roimhe. Níor chaith san leis. Ní hé a oir dó. Bhí sé beartaíte ina aigne aige go meallfaidh sé duine éigin acu cun dul leis tar n-ais go tuata lucre agus lupracán i dtreo go bfeicfeadh lubdán, lena súile féin, fírinne na cainte a dúirt EISIRT nuair a gabhadh é mar geall ar a caint. Is é rud a d’ein sé, dá bhrí sin, ná cromadh ar an uile sahas scéalta a insint d’feargas agus dá chuideachtain, ar tuata lucre agus lupracán, agus ar a rí, agus ar a dtréan-fear, agus ar na gníomhartha a d’eineadh sé, agus ar béasa agus ar nós na tíre agus na ndaoine fé mar a bíodar. Ba gearr go raibh an scát imithe agus go rabhadh go léir, ioir rí agus uaisle, agus éisteacht le hEISIRT comh ciúin comh socair

SIN SUR DÓIG LE DUINE SUR PÉ DRAÍOCT A BÍODAR AIGE. SAN AMRAS IS DÓCA SO RAIB RUD ÉIGIN DÁ SÓRT DÉANTA AIGE ORTU, MAR FEAR SÍ AB EA É.

NUAIR DA MITIO LEIS IOMPÁIL ÓN SCÉALAÍOCT CUN RUD ÉIGIN EILE DÚIRT SÉ LE FEARGAS : "A ARDRI," AR SEISEAN, "DEINEAS-SA DÁN MOLTA DOM ARDRI FÉIN, U'LUDDÁN, AGUS DÉARFAINN DAOIBSE AN DÁN DÁ MBA MIAN LÍB MÉ Á RÁ."

"NÍ BEAD ÉINNI AB FEARR LIOMSA NÁ AN DÁN SAN A CLOS UAIT ANOIS, A RÍ OLLAÍ," ARSA FEARGAS.

"MISE MAR SIN," ARSA AN RÍOGAN.

"MISE MAR SIN," ARSA SÁC ÉINNE DÁ RAIB LÁITREAC.

ANSAN DÚIRT EISIRT AN DÁN, AGUS PÉ CUMÁCT DRAÍOCTA A BÍ AIGE DÁ IMIRT ORTU SA SCÉALAÍOCT MÉADAIŠ AIR LEIS AN NDÁN.

CAIBIDIL A IV

AN CAIRDE CAITE

SOCRAIG EISIRT É FÉIN MA SÚI AR AN SCISTE AGUS DAIN SÉ DEOÍ MÁIT AS AN MÉARACÁN. SLAN SÉ A BÉAL AGUS LIS SÉ SIAR A CEANN AGUS DÚN SÉ A SÚILE. DA DÓIG LE DUINE GO SCOILTPEAD AR AN SCUIDEACTAIN AS FÉACAINTE AIR, MAR DĒIN SÉ AN MÉID SIN AR CUMA INAR DÓIG LE DUINE GO RAIB SÉ TROITE AR AIRDE ANN IN IONAD É BEIT FÉ BUN LEAT-TROIG. ANSAN DĒIN SÉ CRÓNÁN BEAG AR PEAD TAMAILL, FÉ MAR A BEAD SÉ AS CRUINNÍÚ A MEADBRAC CINN. ANSAN TOSNAIG SÉ AR AN NÓÁN.

ÚÍ AN CUIDEACTA AS ÉISTEACT LEIS. ÚÍ AN DÁN GO BREÁ CEOLMAR. ÚÍ AN CAINTE GO CRUINN AGUS GO SONTA AGUS GO COMGARAC. DA GEARR GO RAIB AN UILE DUINE DEN CUIDEACTAIN COM CIÚIN AGUS DÁ MBEIDÍS SAN ANAM SAN ANÁL, AS ÉISTEACT LE RÍ NA DFOCAL, AGUS LE HAOIBNEAS AN GUTA, AGUS LE BRÍ NA CAINTE. MĒAS FEARGAS NÁR MOLAD RÍ IN ÉIRINN RIAM ROIME SIN MAR A MÓL EISIRT RÍ TUATA LUCRA AGUS LUPRACÁN AN UAIR SIN. ÚÍ EAGLA AS TEACT AR DOD ÉIGEAS GO MBEAD ÉAD AR FEARGAS TOISC SAN DOD A BEIT ÁBALTA AR É FÉIN A MÓLAD FÉ MAR A MÓL EISIRT LUBDÁN. AC NUAIR A TOSNAIG EISIRT AR GNÍOMARCTA GAILE AGUS GAISCE LUBDÁIN A MÓLAD, AGUS GNÍOMARCTA NA LAOCRA A ÚÍ FÉNA SMACT, AGUS AR AN LÉIRSCRÍOS A DĒINIDÍS AR A NÁMAID

I SCOSADH AGUS I SCRUA-COMHRAC A MOLAIDH, AR CUMA INAR DÓIG LE DUINE GURD FATAIG MÓRA IAD SO LÉIR, IS AMLAIDH A BÍ FEARGAS AGUS AN CUIDEACHTA SO LÉIR I RÍOCT DUL I LAIGE LE HEART SUILT AGUS GÁIRÍ.

NUAIR A BÍODH EISIRT Á INSINT SA DÁN CONAS MAR A DEINTÍ NA CATANNA MÓRA A TROID, LÉIMEADH SÉ INA SEASAMH AGUS SIÚLAIDH SÉ ANONN IS ANALL AR AN MBORD, AGUS FAODAR AR A GUT AGUS TINE CREASA AG TEACHT AS A SÚILE, FÉ MAR A BEADH SÉ I LÁR CATÁ ÉISIN AGUS NÁMAIDH CRÓGA AIGE DÁ LEAGADH IN AGAIDH GAC FOCAIL DÁ LABRADH SÉ. TRÍD AN SULT SO LÉIR DÓIDH NÍ MAIT A BÍODH A FIOS AG AN GCUIDEACHTAIN CÉ ACU BA CEART DÓIDH SULT A DÉANAMH DE NÓ EAGLA BEIT ACU ROIMHE NUAIR A CÍOÍIS AN RADARCA FEIRGE SIN AG TEACHT AIR, AGUS AN FUIRNEAMH AG TEACHT INA CÁINT AGUS AN SPREACARNAC AG TEACHT AS A SÚILE.

CRÍOCHNAIGH SÉ AN DÁN, AGUS MÁ DHEIN, CROM AN CUIDEACHTA SO LÉIR AR AN UILE SAGAS SEOIDHE UAISLE A DRONNAIDH AIR. BÍ FÁINNÍ ÓIR AGUS CLOCA LÓMARA AGUS ORNÁIDHÍ RÍOGA ACU DÁ GCUR AR AN MBORD INA AICE SO DTÍ SO RAIDH CRUAIC ACU ANN A BÍ SEACHT N-UIRE NÍOS AIRDE NÁ EISIRT FÉIN. CUIR FEARGAS AR AN MBORD A CION FÉIN DEN CRUAIC.

D'FÉAC EISIRT AR AN GCRUAIC AGUS D'FÉAC SÉ INA TIMPEALL AR AN GCUIDEACHTAIN.

"A DHAINE MÓRA," AR SEISEAN, "IS GNÍOMH DEA-DHAINE AN GNÍOMH SAN ADÁ DÉANTA AGAIDH. AD BÍODH GURD EA, NÍL AON GNÓ AGAMSA DEN TSAIDREAS SO. NÍ DÉANFAIDH SÉ AON BLÚIRE CAIRDE DOM. NÍL AON DUINE AG MO TIARNA-SA SAN A DÓCTAIN MÓR SAIDHRIS AGUS OLLMAITIS AIGE FÉIN.

Níl easnamh ar bith ar aon duine sa tír as a dtángas-sa. Dá bhrí sin glacaigí an saibreas so éugaiú arís agus mo buíochas-sa mar aon leis, go hionlán."

"Dár ár mbriathar," ar siad, "dá dtugaimis duit a bfuil 'on tsaol againn ní glacfaimis aon píoc de tar n-ais uait, agus ní lú ná mar a glacfaimid aon píoc den tsaibreas so tar n-ais uait."

"Ós mar sin atá an scéal," arsa Eisirt, "caithead-sa féin an saibreas so a roinnt." Ansan o'ráic sé ar doth éigseas agus ar éigse ulladh a bhí sa cuideachtain. "A ollúna agus a éigse ulladh," ar seisean, "deinigi trí treana den tsaibreas so. Coimeádaigi dá dtrian de agaiú féin agus tugaiigi an trian eile do na buachaillí capall agus do lucht spóirt a'déanamh."

Bhí Eisirt in Eamhain ar an gcuma san ar feadh trí lá agus trí oíche agus níor mótaig feargas ná an cuideachta go raib sé leat na haimsire sin acu.

"A maite agus a mhór-uaisle ulladh," arsa Eisirt, "tá mo tréimise caite agamsa anso in búr gcuideachtain agus ní foláir dom beith ag gluaiseacht tar n-ais feasta cun mo tíre féin."

"A rí ollamh," arsa feargas, "tá sé róluat agat imeacht uainn fós. Beid a leitério sin o'uaisneas orainn ió diaid gur baol go ndéarfaimid gur trua mar a tángais éugainn in aon cor. Ac má abraimid san is baol go mbreágnóimid sinn féin láitreach ina diaid, mar go ndéarfaimid linn féin ná raib trí lá agus trí oíche riamh againn comh sultmhar leis

an trí lá agus trí oíche seo atá caite againn ó tángais-se éugainn. U'féidir, a rí ollamh, go bfeadófa fanúint againn tamall beag eile."

"Is trua ná fuil ar mo cúmas san a déanamh, a rí," arsa Eisirte. "Níl agam ó lubdán ac cairde trí lá agus trí oíche cun comárta sofeicse tabairt dósan agus do tuata luera agus lupracán gurb fíor dom an caint a dúras. Tá an cairde caite agus ní foláir dom fillead."

"Ar miste leat mise dul leat ar cuairt go tuata luera agus lupracán, a rí ollamh?" arsa Doó Eigeas.

Sin é díreac an ruid a teastais ó Eisirte, ac níor lig sé air gurb é. Seo mar a tug sé freagra ar Doó.

"Is amhlaid mar atá an scéal, a Doir," ar seisean, "ní déarfad-sa leat teacht, ná gan teacht, ac más maith leat féin teacht, beir míle fáilte romat."

"Cad é an cúis, a Eisirte, a rí ollamh," arsa feargas, "ná déarfá leis teacht ná gan teacht? Má tá míle fáilte roimhe nár cóir go n-iarrfá air dul leat?"

"Dá n-iarrainn air teacht liom, a rí," arsa Eisirte, "agus ansan dá mba ná taitnfead leis an cóir a cuirfí air, b'féidir go mbead sé díomá. Ac má tagann sé uaid féin, agus míle fáilte beir roimhe, beir sé buíoc nuair a déanfaimid ár n-oícheall dó."

"Dar so is súd," arsa feargas, "is tú an fírin is géarcúisí dár buail riam umam! Ní hé mo tuairim go mbeir don cúis gearáin ar a cóir ag Doó má téann sé leat."

Ansan o'fás Eisirt slán as feargas agus as uaisle Ulað agus gluais sé féin agus Aoð Éigeas le cois a céile fé dhéin tuata lucra agus lupracán.

San amhras ba neamhoitianta an beirt iad as gluaisleadh, tuine acu níos lú ná leat-trois ar airde agus an tuine eile breis agus dhá trois ar airde. Is ar éigin a bí ceann Eisirt comh hard le glúin Aoð. Nuair a bhíodh Aoð as siúl cáiteadh Eisirt beic as sodar, agus leis an sodar féin ní féadadh sé coimeád suas le hAoð. Bhíodh sé tamall siar go minic, agus ansan cáiteadh sé rit go gear ar feadh tamall eile, cun teacht suas.

CAIBIDIL A V

AN TABAC INA FATAC

B'i EISIRT agus AOÓ ag cur na slí díob. Tugadh AOÓ fé ndeara conas mar a b'íod EISIRT ag sodar, ag iarraidh coimeád suas sa tsiúl. Táinig an-mórán ar AOÓ mar gheall air sin. B'sin ruid nár tic amac riamh roimhe sin dó, tuine beit ag siúl lena cois agus go scaiteadh sé beit ag sodar ag iarraidh coimeád suas leis. D'ardaigh sé a ceann agus síúlaiḡ sé go han-rábac, i dtreo gur dóiḡ le tuine gurá fatac é in ionad é beit ina ruataire beag abaic. Suataḡ sé a dá cuislinn agus díriod sé a drom agus síneadh sé a cosa, i dtreo gur dóiḡ le tuine air go raib sé buailte isteach ina aigne go raib sé comh mór, comh hard, comh calma le feargas mac léide féin.

Uair dá raib EISIRT tamall maic siar uaid d'féac sé ear a gualainn siar air agus bain sé crotaḡ as a ceann le míneas.

"Ac!" ar seisean, "a rí ollamh, ní maic an coisí tú!"

Rit EISIRT go dtí go dtáinig sé suas leis agus go raib sé an faid céanna roimhe amac.

"Eataru san atá an cóir, a rí ollamh," arsa AOÓ.

"Is fear," arsa EISIRT, "agus sin ar airíos-sa den cóir uaidse ó tángas go cúige uiaḡ. Dar mo briatar ac gur dóiḡ liom nár airíos

an focail 'cóir' amac as béal éinne i gcúige Ulaó gur airíos as do béal-sa anois é. B'é bur leas aithe níos fearr a cur ar an bfochal agus ar an ní."

Ní deirtear sa scéal gur tug Aoð don freagra ar an scaint sin.

Comáineadar leo go dtángadar go trá na dtreánfear i gcúige Ulaó.

"Cad a déanfaimid anois?" arsa Aoð.

"Cad a déanfaimis ac comáint linn ar uaétar na farraige!" arsa Eisirt.

"Ambasa, a rí ollamh," arsa Aoð, "má tís leatsa siúl ar uaétar an uisce ní tís liomsa é déanamh."

"Is mór an ionaó é sin, a rí éigeas," arsa Eisirt, "agus gur fearr an siúl atá agatsa ná mar atá agamsa. Ba cóir go bfeadfa-sa an farraige a gabáil san áit ina mbáitfí mise. An t-uisce ná raḡaó puinn tar glúna ortsa báitfead sé mise."

Lena linn sin conaic Aoð rud a cuir scairad air. Conaic sé ainmí éigin ag déanamh ortu istead tríd an bfarraige.

"Ó!" arsa Aoð, "táimid réir!"

"Cad tá ort, a rí éigeas?" arsa Eisirt.

"Ó, féac," arsa Aoð, "an míol mongrua! Tá sé ag déanamh orainn. Táimid réir! Do bártan ort féin, a droc-ainmí!" ar seisean leis an ainmí.

"Éist, a rí éigeas," arsa Eisirt. "Ní baol dúinn. Ní míol mongrua ná míolmór ná don droc-ainmí eile é sin. Sin é eac lubdán atá tagta anso inár gcoinne cun sinn a breic tar farraige go críe tuata luera agus

lupracán. Níl againn ac dul ar a muin agus béarfaid sé slán sinn pé stoirm nó suatad a deir ar an bfarraige."

Is amlaio a bi an capall san agus dá súil griosa, glana, glórmara, solasmara ina ceann, agus mong breá, trom, álainn, corcra air, agus ceitre cosa uaithe faoi, agus srian óir air. Cuais Eisirt ar a muin láitreac.

"Tar anso ar mo cúla, a doir," arsa Eisirt.

"Ac, a ri ollamh," arsa doir, "níl ac slí duit féin air."

"Ná bi ag cáinead an capall, a ri éiseas," arsa Eisirt, "ac tar anso ar mo cúla, agus dá méid meácaint atá ina bfuil d'eolas agus d'eagna ionatsa, cipir go mbéarfaid sé sinn araon leis."

Ansan cuais doir suas ar cúla Eisirt, agus gluais an capall leo tar tonnta móra na farraige, agus sroiseadar má faitlinn san brón san báitead. Bí lubdán agus tuata luera agus lupracán go léir cruinnite rompu ar má faitlinn in aonac.

"Sio é Eisirt cugainn!" ar siad go léir.

Ac nuair a donaiseadar an fear mór le cois Eisirt táinig crit cos agus lám orcu agus ní ligfead eagla d'éinne acu teacht in aon saor dó. Ní raib ac lubdán féin go raib sé de mhineac aige teacht ina dtreo agus labairt leo.

Táinig sé agus cuir sé fáilte roim Eisirt agus tug sé trí póga dó.

"Mile fáilte roimac, a ri ollamh," ar

seisean. “Ac cao cúige duit an fomórac so a tabairt leat cugainn, nó an amlaíó is maít leat go maróó sé sinn go léir?”

“Ní fomórac é seo, a Artórí,” arsa Eisirt. “Sío é rí éigheas agus fear dána Cúige Ulaó, agus cé gur mór féacann sé anso, níl ann ac abac ina dútaiş féin. Tá fir móra Cúige Ulaó com mór i gcomparáio leis sin agus tá sé sin i gcomparáio linne. Nuair a bíonn sé sin sa baile is ar bosa na bfeair mór a beirtear ó áit go háit é. Is mór acu go léir é, mar tá léann agus eolas agus eagna agus filíocht ann tar a raib d’éigse riam in Éirinn. Ní foláir cúram maít a d’éanam de an faio a beir sé againn anso, agus cóir maít a cur air, i dtreo ná beir don loct aige le fáil orainn nuair a raíaró sé abaille as triall ar feargas mac léide agus ar uaisle Ulaó.”

“Agus cao é an ainm atá ar an bfeair mór so—nó b’féidir gur ceart dom a rá, ar an bfeair mbeas so?” arsa luódán.

“Doó Éigheas is ainm dó,” arsa Eisirt. “Is é abac an rí é, agus is mór as feargas é.”

Bí an cuio eile den tslua as faire ar an dtíúir an faio a bí an caint sin ar siúl, agus ba mór é a meas ar érógaót luódán nuair a éonaiceadar é, san scát san eagla air, as dul com comgarac don fear mór agus as cur a tuairisce ar Eisirt.

Ansan labair luódán le hAoó féin agus cuir sé na mílte fáilte roime agus tug sé trí póga dó, ac b’éigean d’Aoó teact ar a glúna agus cromao síos cun an tailín cun na póga a glacaó ón rí, agus nuair a bí sé as glacaó

na bpós conactas go raib a déal com mór le hašair an rí ar fáo.

Nuair a conaic an slua é as teacht ar a glúna agus as cromadh cun an tailim, measadar gur as uimhú don rí a bí sé. D'imis an scaird díob láitreach agus cuireadar liú suas mór-timpeall má faiclinn, as fáiltiú roim an bpatac a tug eisirt abaille leis. Uonadar cuise isteach cun go bfaigís ratharc maic air.

"Ó," a deiridís le hēisirt, "cá bfuairis an fatac mór? Conas a tugais leat é? Conas féadais bua fáil air agus é cathair leat, agus san é gafa ná ceangailte asat?"

Díodar as druoidim isteach i ndiaid ar ndiaid agus as dul i ndánacht ar doo go dtí go rabdar timpeall ar a cosa as iniúcad agus as méaraíocht ar na búclai óir a bí ina bróga agus as déanamh an uile sahas magair fútu. Ní raib don meas in don cor acu ar an gceardai a shreas na hornaí.

"Ó!" a deiridís, "na cosa móra! Na cosa móra! Conas féadann an fatac boct siúl in don cor leo! Agus na bróga, nac tútac an lámh a bí as an ngréasaí a dein iad! Ní lámha a bí aige ac crúba! Agus dar ndóig, ní cosa atá iontu anois ac crúba."

"Éist," a déarfaó tuine acu, "aireoid an fatac tú!"

"Ní aireoid," a déarfaó an té a labhair, "tá a ceann ró-fada suas sa spéir."

D'airíod doo go maic iad ac ní ligead sé air go n-airíod. Níor deas leis de sult beic as éisteach leo agus as féacaint uaid síos ortu.

Ba gearr go dtáinig na leanaí óga timpeall a cos comh maith le cáic, agus iad ag damas agus ag gáirí agus ag caint, ag déanamh suilt de gac ní dá bfacadair. Bí na fear agus na mná beag go leor ac ní raib sna leanaí ac mar a beath lucaigh. Ansan is ea bí doo i dtéannta. Bíodair bailithe isteach timpeall a dá brós agus ní ligfeadh scanrad dó don cos leis a bogadh den talamh sar a satalóth sé ortu agus go maróth sé leat-dosaon acu b'féidir. Fé dheireadh glaoigh sé ar Eisirt.

"Ar ghrá t'oinigh, a Eisirt, a rí ollamh," ar seisean, "abair leo go druidim amach óm bróga le heagla go satalóinn ortu!"

Ladbair Eisirt leo agus druideadair amach. Ansan is ea táinig an alltacht ar fad ortu nuair a conaiceadair an fathac ag siúl.

"Aililiú!" ar siad, "conas féadann sé na cosa móra san a tógaint comh hard?"

Ansan bíod cuid dá scoláirí ag teacht ina dliaid ag breithniú ar rian a cos agus á tomhas le srainn, agus is mó argóint léannta a bíod eatarthu dá bair, cuid acu á déanamh amach sur cosa daonna a bí aige agus tuilleadh acu á déanamh amach nárb ea, ac cosa draíochta.

Cuir lubdán pógra amach á rá nárb foláir féasta mór a déanamh in onóir d'aoth Éigean, do rí ollamh Ulaó. Sur maith leis féin sié agus dea-méinn agus caradas a ceangal idir é féin agus feargas mac léide, Ardorí Ulaó, agus go ndéanfaí an ní sin mar ba cuibhe agus mar ba cóir nuair a tabarfaí urraim agus frítealamh ríoga don uasal Ulaó so a charla ar a measc. Freagraó an pógra go hullamh

agus go fonnmar. Ceapadh lá an féasta. Do hullmaíodh an bia agus an deoch. Táinig na huaiste go léir comh luath agus fuairteadar cuireadh. Táinig seacht gcata féinne tuata luíra agus lupracán féna ríte féinne agus féna dtaoisigh airm, díreac mar a tángadar an céad lá úd nuair a d'eir lúthán an éaint úd a dhain an gáire as Eisirte.

Bí Glómar mac Glais mic Glomraide ann, tréan-fear lúthán, an fear a leagadh an feochadán le haon buille claidheimh agus go raib feidhm an dáréas ina treascairt. Conaic sé Aodh.

"Dár lámh m'atar," ar seisean, "ac tá deireadh le leagadh na bfeochadán! Ní feic-fear mise ag leagadh feochadán arís le haon buille claidheimh. Níl ionann ac meatalóirí seachas an fear san!"

"Ac, a Glómair," arsa Eisirte, "adac is ea an fear san seachas na fíri mhóra atá ina díar sa baile. In ucta na bfeiar mór is ea bíonn sé, mar a beadh leand. Déarfadh fear acu súd Aodh ar dois' leis díreac mar a déarfadh Aodh tusa ar a dois leis."

Níor labhair Glómar a tuilleadh.

Cuireadh rí-teac lúthán i gcóir cun an féasta agus cuireadh an cuideacta ina suí do réir a n-oirde, agus cuireadh Aodh ar deis lúthán. Sar ar cuais Aodh isteach sa rí-teac, áfach, b'éigean doras mór a oscailt i gceann an tí úd, mar, pé cor a tabarfaid sé úd féin ní féadfadh sé dul isteach doras an tí. Nuair a bhí sé istigh bhí an scéal maith go leor aige mar bhí an tigh an-ard agus d'féadh sé seasamh

díreac̃ san a ceann a cur amac̃ trí buaic̃ an tí.
 Ac̃ conas a cuirfí ina shuí é? B'sin í an ceist.
 Cá bfaigfí cataoir a beaṑ mór a dóṑain? Bí
 saṑ éinne as cuimneam̃ agus saṑ éinne as
 cuardaṑ féacaint cá bfaigfí an cataoir. Fé
 deireaṑ dúirt an banríon, Débó, lena seirbísig̃
 imeaṑt agus cófra mór a bí aici ina seomra
 féin a tabairt leo. Tugaṑ isteaṑ an cófra.
 Bí sé mór. Bí sé troig̃ ar leiteaṑ agus troig̃
 ar faid agus naoi n-orlaṑ ar aird. Socraíṑ
 é ar deis an rí agus shuíṑ aṑṑ air agus bí sé
 ar a sástaṑt.

CAIBIDIL A VI

"LA B'RAIS FÍOR!"

MUAIR A BÍ AOÚ INA SUÍ AR AN SCÓFRA AGUS A DROM SIAR LEIS AN B'FALLA BÍ SÉ AR A SÁSTAÉT MAIT GO LEOR. BÍ SÉ AR D'EIS AN A'RDRÍ, AC BÍ CEATAÍ SA SCÉAL. NA HUAISLE A BÍ AR D'EIS AOÚA NÍ RAIÚ AON D'REIT ACU AR AON RAÚARC FÁIL AR AN A'RDRÍ, NÁ AG AN A'RDRÍ AR AON RAÚARC FÁIL ORTUSAN. MUAIR A BÍ AN T-A'RDRÍ INA SUÍ INA CATAOIR RÍOGA, BÍOÚ GO RAIÚ AN T-A'RDRÍ FÉN SCATAOIR, NÍ RAIÚ CEANN AN A'RDRÍ AC COMHARTO LEIS AN SCÓFRA. BÍ CEATRÚ CLÉ AOÚA SUAS AR FAD OS CIONN CINN AN A'RDRÍ, AGUS BÍ GLÚN CLÉ AOÚA AN-FADA SUAS AGUS AN-FADA AMAĆ, I D'EIREO NÁ RAIÚ AON D'REIT AG AN A'RDRÍ AR AON RAÚARC IN AON COR FÁIL AR A RAIÚ DEN HALLA AGUS DEN CUIDEACTAIN AR AN DCAOÚ EILE D'AOÚ. NÍ RAIÚ RAÚARC AIGE AC AR NA DAOINE A BÍ AR A CAOÚ FÉIN DEN HALLA AGUS AR NA DAOINE A BÍ AR A AGAÍO ANONN.

BÍ EISIRT AR A AGAÍO ANONN, SAN ÁIT INA RAIÚ SÉ AN OÍCE D'EIN SÉ AN GÁIRE UTO A CUIR AN FEARZ AR AN A'RDRÍ, AR LUDDÁN. BÍ AN-CANCAR ANOIS AR LUDDÁN MAR GEALL AR AN B'FEIRZ SIN, AC NÍ AITNEOÚ ÉINNE AIR GO RAIÚ AON CANCAR AIR. BÍ FÍOS AIGE GO RAIÚ BUAITE AG EISIRT AIR, AC NÍ AITNEOÚ ÉINNE AIR GO RAIÚ SÉ AG CUIÑNEAMH IN AON COR AR EISIRT, NÁ AR AN NGÁIRE D'EIN SÉ, NÁ AR AN ÉAGÓIR A D'EINEAOÚ AIR. BÍ AIGNE

luibhóidín ró-ríoga agus an smaéct ró-mait aici uirtí féin. Níorb' féidir d'éinne a tabairt fé n-deara go n-geallfaid mite den tsórt san uirtí. Bí Eisirt tall agus é 'as faire go géar ar an árdorí, péadaint an t-aispeánfaid sé don píoc den cancar. Níor taispeáin. Bí sé 'as caint go breá séimh sultmhar, uaid' suas, le h-ádh, 'as cur an uile ságas tuairiscí air i t-ádh cúige Ulaó agus i t-ádh na n-daoine móra agus i t-ádh feargais mic léirde, an t-árdorí a bí ortu. Bí ádh éigear 'as tabairt gac cuntais dó, ar na daoine móra agus ar a n-ósa agus ar a n-olite, ar a scéalaíocht agus ar a seanás agus ar a gcuid léinn agus eolais. Bí tinneas i muineál luibhóidín ó beir 'as casad a cinn agus 'as caint uaid' suas, agus bí tinneas i muineál ádha ó beir 'as casad a cinn 'as iarraid' cromad síos dá ghalainn éle cun beirte ar focal an árdorí fé mar a labrad' sé an focal.

Sa caint dóib' tuig gac tuine acu don ní amáin. Tuig ádh, má ba beas agus má ba suarac le rá colann an árdorí gur mór agus gurb' ard í a aigne. B'é féin ard-ollamh Ulaó, ac tuig sé ná raib' ann ac tuine gan eolas seacás luibhóidín. Bí fios aige gur tuig luibhóidín an ní sin leis, ac go raib' sé ró-uasal, ró-ríoga, cun a ligint air gur tuig sé é. Tuig luibhóidín ina aigne, pé téagar coirp agus neart géas a bí sna fir móra i gCúige Ulaó, ná raib' puinn le maíomh acu as neart a n-aigne ná as méid a n-eolais ná as géire a n-intleacta. Dar leis, má b'é an t-ádh seo an t-ard-ollamh a bí acu agus an réalte eolais a bí acu, bí an

DONAS AR FAD LE DÚIRE AR AN SCUID EILE ACU, IOR RÍ AGUS DAOINE.

